**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**A9-0371/2023**

22.11.2023

# TUARASCÁIL

maidir le staid na leanaí a bhfuil a saoirse bainte díobh ar domhan
(2022/2197(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: María Soraya Rodríguez Ramos

PR_INI

## ACHOIMRE

**Leathanach**


TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR..........................................................................................24

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................25

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........26

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le staid na leanaí a bhfuil a saoirse bainte díobh ar domhan (2022/2197(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (ICCPR), don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, agus don Choinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh an 20 Samhain 1989, go háirithe d'Airteagail 37(b) agus 40 de, agus do na Prótacail Roghnacha a ghabhann leis,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, an 13 Nollaig 2006 (CRPD), agus don Phrótacal Roghnach a ghabhann leis,

– ag féachaint do threoirlínte na Náisiún Aontaithe maidir le Cúram Malartach Leanaí, an 18 Nollaig 2009,

– ag féachaint don Chorpas Prionsabal maidir le Cosaint an uile Dhuine atá faoi Choinneáil de chineál ar bith nó i bPríosún, an 9 Nollaig 1988,

– ag féachaint do Rialacha na Náisiún Aontaithe maidir le hÓgánaigh a bhFuil a Saoirse Bainte Díobh a Chosaint ('Rialacha Havana') an 14 Nollaig 1990,

– ag féachaint do Rialacha Íosta na Náisiún Aontaithe maidir le Ceartas d'Ógánaigh a Riar ('Rialacha Bhéising') an 29 Samhain 1985, do Threoirlínte na Náisiún Aontaithe maidir le hÓgchiontacht a Chosc ('Treoirlínte Riyadh') an 14 Nollaig 1990, do Rialacha Íosta na Náisiún Aontaithe maidir le Bearta nach Bearta Coimeádta iad ('Rialacha Tóiceo') an 14 Nollaig 1990, do na Treoirlínte le haghaidh Gníomhaíocht maidir le Leanaí sa Chóras Dlí Choiriúil ('Treoirlínte Vín) an 21 Iúil 1997, agus do Rialacha Íosta na Náisiún Aontaithe maidir le Cóireáil Príosúnach ('Rialacha Nelson Mandela') an 17 Nollaig 2015,

– ag féachaint do Chomhbharúil Ghinearálta Uimh. 4 (2017) ón gCoiste maidir le Cearta na nOibrithe Imirceacha uile agus Daoine dá dTeaghlach a Chosaint agus Uimh. 23 (2017) ón gCoiste um Chearta an Linbh maidir le hoibleagáidí Stáit maidir le cearta daonna leanaí i gcomhthéacs na himirce idirnáisiúnta ó thíortha tionscnaimh, idirthurais, cinn scríbe agus tíortha a mbeifear ag filleadh orthu,

– ag féachaint do na Barúlacha Ginearálta ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CRC), agus go háirithe do Bharúil Ghinearálta Uimh. 24 (2019) maidir le cearta leanaí sa chóras ceartais leanaí,

– ag féachaint do Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir leis an Imirce Shábháilte, Ordúil agus Rialta an 19 Nollaig 2018, agus go háirithe do chuspóir 13(h) de, agus do Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Dídeanaithe an 17 Nollaig 2018,

– ag féachaint do Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí a mbaintear an tSaoirse díobh an 11 Iúil 2019,

– ag féachaint do rún na Náisiún Aontaithe dar teideal *Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development* [An Domhan a chlaochlú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe], arna ghlacadh ag an gComhthionól Ginearálta an 25 Meán Fómhair 2015,

– ag féachaint do thuarascáil Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe ó mhí Aibreáin 2021 dar teideal *Leaving No One Behind: Impact of COVID-19 on the Sustainable Development Goals (SDGs)* [Gan aon duine a fhágáil chun deiridh: Tionchar COVID-19 ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna)],

– ag féachaint do Straitéis UNICEF um Chosaint an Linbh (2021-2030) agus do Phlean Straitéiseach UNICEF (2022-2025), agus do Chlár Oibre UNICEF um Cheartas do Leanaí a Athshamhlú (2021-2030),

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe Airteagail 3(5) agus 21 de,

– ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus go háirithe Airteagal 8 de,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 14 di,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2022 le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (COM(2022)0071),

– ag féachaint do Mholadh CM/Rec(2018)5 ó Choiste na nAirí de Chomhairle na hEorpa chuig na Ballstáit maidir le leanaí a bhfuil a dtuismitheoirí i bpríosún, arna ghlacadh an 4 Aibreán 2018,

– ag féachaint do Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh a Chur chun Cinn agus a Chosaint an 6 Márta 2017,

– ag féachaint do Mholadh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[1],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 dar teideal *EU strategy on the rights of the child* [Straitéis AE maidir le cearta an linbh] (COM(2021)0142),

[1] OJ L 223, 22.6.2021, lch. 14.

– ag féachaint do chonclúidí ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2022 maidir le straitéis an Aontais Eorpaigh um Chearta an Linbh,

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 25 Márta 2020 dar teideal *EU Action Plan on Human Rights and Democracy 2020-2024* [Plean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, 2020-2024] (JOIN(2020)0005),

– ag féachaint do Chairt na hAfraice um Chearta agus Leas an Linbh, an 11 Iúil 1990,

– ag féachaint do Chairt Eagraíocht na Stát Meiriceánach, 1948, agus go háirithe Airteagal 49 di,

– ag féachaint do Chairt na hAfraice um Chearta an Duine agus um Chearta Pobal, an 27 Meitheamh 1981, go háirithe Airteagail 17 agus 25 di,

– ag féachaint do Dhearbhú Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas um Chearta an Duine, an 19 Samhain 2012, go háirithe Airteagal 31 di,

– ag féachaint do ráiteas comhpháirteach ón Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) an 4 Bealtaine 2023 maidir leis an Tuarascáil ó na Rapóirtéirí faoi Shásra Mhoscó ESCE maidir le hAistriú Éigeantach agus/nó Díbirt Leanaí na hÚcráine,

– ag féachaint do thuarascáil ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe an 5 Meitheamh 2023 ar Leanaí agus Coinbhleacht Armtha,

– ag féachaint do rún uaithi an 26 Samhain 2019 maidir le cearta leanaí tráth chomóradh 30 bliain Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Márta 2021 maidir le cearta an linbh i bhfianaise Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 3 Bealtaine 2022 i dtreo straitéis de chuid an Aontais chun oideachas le haghaidh leanaí ar fud an domhain a chur chun cinn: tionchar phaindéim COVID-19 a mhaolú[4],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Aibreán 2022 maidir le leanaí agus daoine óga atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin a bheith á gcosaint ag an Aontas Eorpach[5],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le sáruithe ar chearta an duine i gcomhthéacs díbirt éigeantais sibhialtach de chuid na hÚcráine chuig an Rúis agus uchtú éigeantais leanaí de chuid na hÚcráine sa Rúis[6],

[2] OJ C 232, 16.6.2021, p. 2.
[3] OJ C 474, 24.11.2021, p. 146.
[4] OJ C 465, 6.12.2022, p. 44.
[5] IO C 434, 15.11.2022, lch. 50.
[6] IO C 125, 5.4.2023, lch. 67.

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meitheamh 2023 maidir le Cónaidhm na Rúise do chéasadh agus d'ionchúiseamh go coiriúil na mionaoiseach Úcránach, Tihran Ohannisian agus Mykyta Khanhanov[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2022 maidir le staid chearta an duine in Xinjiang, lena n-áirítear comhaid phóilíní Xinjiang[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 3 Bealtaine 2022 maidir le géarleanúint ar mhionlaigh ar fhorais chreidimh nó reiligiúin[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Bealtaine 2022 maidir leis an gcomhrac i gcoinne saoirse ó phionós i gcás coireanna cogaidh san Úcráin[10],

– ag féachaint do Rún CM/Res(2023)3 ó Chomhairle na hEorpa lena mbunaítear an Comhaontú Páirteach Méadaithe maidir leis an gClár den Damáiste arb é Fogha Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine is Cúis Leis,

– ag féachaint do Dhearbhú Réicivíce ó Chomhairle na hEorpa dar teideal *United around our values* [Aontaithe ar ár luachanna] a glacadh ag a ceathrú Cruinniú Mullaigh de Chinn Stáit agus Rialtais an 16 agus an 17 Bealtaine 2023,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0371/2023),

A. de bhrí, de réir Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, go gciallaíonn leanbh 'gach duine faoi bhun 18 mbliana d'aois mura rud é faoin dlí is infheidhme maidir leis an leanbh go mbaintear lán-aois amach roimhe sin'; de bhrí gur leanbh é leanbh thar aon ní eile, gan beann ar thionscnamh eitneach, inscne, náisiúntacht, reiligiún, cúlra sóisialta agus eacnamaíoch, cumas ná stádas imirce nó cónaithe ná cibé acu atá nó nach bhfuil míchumas orthu; de bhrí go bhfuil cosaint speisialta ag teastáil ó gach leanbh agus go bhfuil siad i dteideal na gceart uile a chumhdaítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh;

B. de bhrí gurb éard atá i gceist le cailleadh na saoirse aon chineál coinneála, duine a choinneáil in aghaidh a dtola nó aon chineál príosúnachta, nó leanbh a chur i suíomh coimeádta poiblí nó príobháideach, ar suíomh é nach gceadaítear don leanbh a fhágáil dá dheoin féin, le hordú ó aon údarás breithiúnach, riaracháin nó poiblí, nó ó eagras choiriúil nó sceimhlitheoireachta, nó le hordú de facto uaidh;

C. de bhrí go bhfuil aois na freagrachta coiriúla éagsúil ó Bhallstát go chéile; de bhrí go moltar i Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí a mBaintear an tSaoirse Díobh go mbeadh 14 bliana d'aois ar a laghad mar aois íosta na freagrachta coiriúla; de bhrí gur moladh i mBarúil Ghinearálta Uimh. 10 ó Choiste an Choinbhinsiúin um Chearta an Linbh nár cheart aois íosta na freagrachta coiriúla a bheith faoi bhun 12 bhliain d'aois;

[7] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0240.
[8] IO C 493, 27.12.2022, lch. 96.
[9] IO C 465, 6.12.2022, lch. 33.
[10] IO C 479, 16.12.2022, lch. 68.

D. de bhrí go bhfuil toirmeasc ar an tsaoire a bhaint de dhuine go treallach, níor cheart aon ghabháil agus coinneáil daoine a bheith díréireach, éagórach nó dothuartha go follasach, agus níor cheart go mbeadh an modh sonrach ina ndéantar gabháil idirdhealaitheach;

E. de bhrí, nuair a chinneann údaráis stáit leanaí a choinneáil, go bhfuil oibleagáid dhearfach orthu a áirithiú gur féidir leis na leanaí sin na cearta a chumhdaítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a theachtadh; de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 10(1) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, maidir le gach duine a mbaintear an tsaoirse díobh, nach mór caitheamh go daonnúil leo agus le hurraim do dhínit bhunúsach an duine;

F. de bhrí go n-áirítear le 'leanaí a mbaintear an tsaoirse díobh' leanaí a mbaintear an tsaoirse díobh i riaradh an cheartais, ar chúiseanna a bhaineann leis an imirce, in institiúidí, lena n-áirítear institiúidí do leanaí faoi mhíchumas, i bpríosúin lena bpríomhchúramóirí, i gcomhthéacs coinbhleachtaí armtha agus ar fhorais slándála náisiúnta; de bhrí nach gcinntear le toiliú na dtuismitheoirí ná le toiliú an linbh cé acu atá nó nach bhfuil an tsaoirse bainte den leanbh;

G. de bhrí, de réir Airteagal 37(b) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, nár cheart cailleadh na saoirse a úsáid ach mar rogha dheiridh, don tréimhse ama is giorra is féidir, agus é sin teoranta do chásanna eisceachtúla agus faoi réir a athbhreithnithe; de bhrí, cé go luaitear i mBarúil ginearálta Uimh. 24 ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh nár cheart eisceachtaí a dhéanamh ach amháin chun críocha na sábháilteachta agus na sláinte poiblí fírinní, gur léiríodh le linn phaindéim COVID-19 go mb'fhéidir gur baineadh ró-úsáid as na heisceachtaí sin;

H. de bhrí, de réir Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí a mBaintear an tSaoirse Díobh, go gciallaíonn an tsaoirse a bhaint de leanaí iad a bheith neamhchosanta ar fhoréigean de chineál struchtúrach; de bhrí gur gheall na stáit i gClár Oibre 2030 go gcuirfidís deireadh le gach cineál foréigin in aghaidh leanaí;

I. de bhrí nach féidir cailleadh saoirse leanaí mar phionós as a ngnéaschlaonadh nó a bhféiniúlacht inscne, i measc nithe eile, nó as coir 'oinigh', ardchaighdeán bheart na dála deiridh i gcomhréir le hAirteagal 37(b) ón gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh a chomhlíonadh go brách agus nach chun leasa an linbh choíche é;

J. de bhrí go dtagraíonn 'leanaí a mbaintear an tsaoirse díobh i riaradh an cheartais' do leanaí atá faoi choimeád póilíneachta, i gcoinneáil réamhthrialach, roimh thriail atá ar feitheamh agus tar éis a gciontaithe;

K. de bhrí go dtagraíonn 'leanaí atá ina gcónaí i bpríosúin lena bpríomhchúramóir' do leanaí atá ina gcónaí le príomhchúramóir atá faoi choinneáil nó i bpríosún, agus a bhfuil a saoirse bainte de facto díobh;

L. de bhrí go dtagraíonn 'páistí a mbaintear an tsaoirse díobh ar chúiseanna a bhaineann leis an imirce' d'aon suíomh ina mbaintear a shaoirse de leanbh ar chúiseanna a bhaineann le stádas imirce an linbh nó le stádas imirce a thuismitheoirí, gan beann ar an gcúis a thugtar lena shaoirse a bhaint de leanbh, ná ar an ainmníocht ina leith, ná ar ainm na saoráide nó ainm an tsuímh ina mbaintear an tsaoirse den leanbh; de bhrí nár cheart go mbainfí a saoirse de leanaí neamhthionlactha agus scartha agus nach féidir

údar cuí a thabhairt le leanbh a choinneáil ar an mbonn go bhfuil an leanbh neamhthionlactha nó scartha, nó ar bhonn a stádais imirce nó cónaithe, nó ar an easpa stádais sin, agus ar an mbonn sin amháin;

M. de bhrí, de réir roinnt tuarascálacha, go háirithe Páipéar Oibre UNICEF maidir le Roghanna Malartacha ar Choinneáil Leanaí Inimirce ó mhí Feabhra 2019, nach bhfuil na forálacha maidir le leanaí a choinneáil (mar 'beart na dála deiridh') sa Choinbhinsiún um Chearta an Linbh infheidhme maidir le himeachtaí inimirce agus, dá bhrí sin, nach féidir iad a úsáid chun údar a thabhairt le leanaí a choinneáil ar chúiseanna a bhaineann le hinimirce; de bhrí go mbíonn leanaí neamhthionlactha nó scartha an-leochaileach sa chomhthéacs sin; de bhrí gur moladh i Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí a mBaintear an tSaoirse Díobh gur cheart díothacht saoirse leanaí i ndáil leis an imirce a thoirmeasc i ngach cás;

N. de bhrí nár cheart leanaí a choinneáil ar chúiseanna a bhaineann leis an imirce; de bhrí nár cheart leanaí a choinneáil in ionaid imirce dhúnta gan an deis a bheith acu iad a fhágáil, toisc nach coir í an imirce, mar sin níl aon údar le bearta a chur i bhfeidhm amhail bearta do dhaoine a bhfuil coir déanta acu; de bhrí, de réir Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí a mBaintear an tSaoirse Díobh 'beag beann ar na coinníollacha coinneála, go bhfuil díothacht saoirse chun críoch imirce díobhálach do shláinte fhisiciúil agus mheabhrach leanaí agus go gcuireann sé iad i mbaol mí-úsáide agus teacht i dtír gnéasach';

O. de bhrí go bhfuil roinnt tíortha ag baint úsáid as an imirce mar uirlis i gcoinne an Aontais ar mhaithe lena leasanna polaitiúla, iad ag teacht i dtír ar staideanna daonnúla agus ag déanamh dochar do leanaí go háirithe;

P. de bhrí go dtagraíonn 'leanaí a mbaintear an tsaoirse díobh in institiúidí' do leanaí, lena n-áirítear leanaí atá faoi mhíchumas, a scartar óna dteaghlach agus a mbaintear a saoirse díobh in institiúidí, agus nach féidir leo na hinstitiúidí sin a fhágáil dá ndeoin féin ar iliomad cúiseanna;

Q. de bhrí go dtagraíonn 'leanaí a mbaintear an tsaoirse díobh i gcomhthéacs coinbhleacht armtha' do leanaí arna n-earcú ag fórsaí armtha agus grúpaí armtha chun feidhmiú mar chomhraiceoirí, gardaí, spiairí, teachtairí, cócairí agus i róil eile, lena n-áirítear teacht i dtír gnéasach, nó a gcuirtear iallach orthu an céanna a dhéanamh; de bhrí go n-earcaíonn grúpaí armtha agus eagraíochtaí sceimhlitheoireachta leanaí mar chomhaltaí dá n-eagraíochtaí, ag baint a saoirse díobh, agus é ar intinn acu ullmhúchán idé-eolaíoch a chur ar fáil chun tuairimí polaitiúla comhsheasmhacha agus aontaithe a áirithiú; de bhrí go ndíríonn na heagraíochtaí sin ar leanaí an-óg agus go n-imscarann siad iad i róil chomhraic ar na línte tosaigh;

R. de bhrí gurb amhlaidh, le hAirteagal 38 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh agus an Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiúin na Ginéive, a chuirtear d'oibleagáid ar stáit agus ar ghrúpaí armtha staonadh ó leanaí faoi bhun 15 bliana d'aois a earcú isteach ina bhfórsaí armtha agus a áirithiú nach nglacann siad páirt i gcogaíocht; de bhrí go ndearbhaítear leis an dlí um chearta an duine gurb é 18 an aois íosta dhlíthiúil chun earcaíocht a dhéanamh i gcoinbhleachtaí armtha; de bhrí go meastar gur coir chogaidh

faoi Reacht na Róimhe é leanaí faoi bhun 15 bliana d'aois a earcú, bídís á n-earcú ag stáit nó ag grúpaí armtha;

S. de bhrí go leanann roinnt tíortha thart timpeall an domhain de phríosúnaigh a chur chun báis mar gheall ar na coireanna a líomhnaítear a rinne siad agus iad faoi bhun 18 mbliana d'aois;

T. de bhrí go dtagraíonn 'leanaí a mbaintear an tsaoirse díobh ar fhorais slándála náisiúnta' do leanaí arna n-earcú ag sceimhlitheoirí nó grúpaí armtha, nó do leanaí a cúisíodh faoi dhlíthe slándála náisiúnta as a gceart chun tionóil agus chun comhlachais a fheidhmiú, le linn agóidí, mar shampla; de bhrí, de réir Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí a mBaintear an tSaoirse Díobh, go bhfuil formhór mór na stát tar éis dlíthe nua frithsceimhlitheoireachta a ghlacadh nó dlíthe náisiúnta atá ann cheana a leasú, agus gur minic a leathnaigh siad a raon feidhme ionas go ndéantar dochar do leanaí; de bhrí go mbíonn de thoradh ar na bearta sin go gcuirtear leanaí i mbaol níos mó go mbainfí a saoirse díobh mar gheall ar chionta líomhnaithe i gcoinne na slándála náisiúnta; de bhrí gur líomhnaíodh go ndearna roinnt fórsaí faisnéise agus slándála gníomhartha uafásacha céastóireachta, lena n-áirítear éigniú agus foréigean gnéasach eile, i gcoinne agóideoirí leanaí atá faoi choimeád chun iad a phionósú agus a náiriú agus chun iad a dhíspreagadh ó bheith rannpháirteach in agóidí;

U. de bhrí gurb ionann leanbh atá i gcoinbhleacht leis an dlí agus aon leanbh a thagann faoi bhráid údaráis forfheidhmithe dlí toisc go líomhnaítear, gur cuireadh ina leith, nó gur aithníodh, go ndearna sé sárú ar an dlí coiriúil;

V. de bhrí gurb éard atá sa chóras ceartais leanaí nó ógánach an reachtaíocht, na noirm, na caighdeáin, na treoirlínte, na beartais, na nósanna imeachta, na sásraí, na forálacha, na hinstitiúidí agus na comhlachtaí atá infheidhme go sonrach maidir le leanaí atá i gcoinbhleacht leis an dlí, agus atá in aois íosta na freagrachta cóiriúla nó os a cionn;

W. de bhrí nach féidir, in imeachtaí dlí choiriúil, an fhreagracht a chur ar leanaí atá faoi bhun aois íosta na freagrachta coiriúla tráth déanta an chiona; de bhrí gur féidir leanaí atá in aois íosta na freagrachta cóiriúla, nó os a cionn, tráth déanta an chiona, ach atá níos óige ná 18, a chúiseamh go foirmiúil agus a chur faoi réir nósanna imeachta ceartais leanaí, lena n-áirítear a saoirse a bhaint díobh, i gcomhréir iomlán leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh;

X. de bhrí go mbíonn leanaí ag idirghníomhú le córais cheartais ar roinnt cúiseanna – mar íospartaigh nó mar mharthanóirí, mar fhinnéithe, nuair a chuirtear cion ina leith, mar pháirtí leasmhar, nó toisc go mbíonn gá le hidirghabháil chun a gcúram cuí, a gcosaint, a sláinte nó a ndea-bhail a áirithiú;

Y. de bhrí go gcumhdaítear le rochtain leanaí ar an gceartas na nósanna imeachta breithiúnacha agus riaracháin uile lena ndéantar difear do leanaí, lena n-áirítear sásraí ceartais gnásúla agus reiligiúnacha, réiteach malartach díospóidí agus sásraí garbhreithiúnacha, agus go bhfuil feidhm aici maidir leis an dlí bunreachtúil, maidir leis an dlí coiriúil, maidir leis an dlí sibhialta, maidir leis an dlí poiblí, maidir leis an dlí príobháideach, maidir leis an dlí riaracháin agus maidir leis an dlí míleata ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta;

Z. de bhrí nach mór tús áite a thabhairt do leas an linbh i ngach cinneadh lena ndéantar difear do leanbh, lena n-áirítear i dtaobh an mbainfear saoirse phearsanta de leanbh agus, ag an am céanna, nár cheart neamhaird a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a bhfuil iarmhairtí coiriúla ag gabháil leo arna ndéanamh ag leanbh; de bhrí nach mór do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar phrionsabal leas an linbh agus go gceanglaítear leis gur tosaíocht é athimeascadh leanaí a bhfuil cion coiriúil déanta acu; de bhrí go gciallaíonn sé sin gur cheart tacú le leanaí chun go nglacfaidh siad ról cuiditheach sa tsochaí;

AA. de bhrí gur ceart bunúsach de chuid an duine é an ceart chun oideachais; de bhrí go bhfuil thart ar 244 mhilliún leanbh agus ógánach ar fud an domhain fós ar shiúl ón scoil ar chúiseanna sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha; de bhrí gur mó seans go mbainfear rochtain ar oideachas de chailíní ná de bhuachaillí, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha, agus dá chionn sin go gcuirtear srian suntasach ar a saoirse agus ar a ndeiseanna chun tús comhionann a bheith acu i saol an duine fhásta;

AB. de bhrí, chun go mbeidh rochtain ann ar an gceartas, gur gá gach aon linbh a chumhachtú ó thaobh dlí de agus nach mór aois, aibíocht agus cumas forbartha an linbh a chur san áireamh ina leith sin;

AC. de bhrí gurb éard atá i gceist le hathstiúradh, a mhéid a bhaineann le leanaí atá i gcoinbhleacht leis an dlí, dul ar iontaoibh, ar bhonn coinníollach, slí dhifriúil, nach imeachtaí breithiúnacha foirmiúla é, chun an fhadhb a réiteach ionas gur féidir a lán de na fadhbanna a chur de chúram ar chomhlachtaí neamhbhreithiúnacha, agus, ar an tslí sin, éifeachtaí diúltacha na n-imeachtaí breithiúnacha foirmiúla, amhail smál an chiontaithe agus taifead coiriúil, a sheachaint, ar choinníoll go ndéantar cearta an duine agus coimircí dlíthiúla a urramú go hiomlán;

AD. de bhrí go bhfuil Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe ar Leanaí a mBaintear an tSaoirse Díobh, a foilsíodh in Iúil 2019, inmholta agus gur garsprioc é ó thaobh deireadh a chur le dofheictheacht na leanaí a mbaintear an tsaoirse díobh, agus ó thaobh leochaileacht, stiogmatú agus eisiamh sóisialta na leanaí sin a shárú;

AE. de bhrí, de réir Staidéar Domhanda sin na Náisiún Aontaithe, go bhfuil breis agus 7 milliún[11] leanbh ar fud an domhain ann ar baineadh an tsaoirse díobh;

AF. de bhrí, de réir Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe, as na leanaí uile ar baineadh an tsaoirse díobh, gur buachaillí iad 94 % acu agus gur cailíní iad 6 % acu, agus gur cuireadh tuairim is 5.4 milliún leanbh in institiúidí, ar buntréith dá gcuid go bhfuil siad díobhálach do leanaí agus dá bhforbairt; de bhrí go mbaintear an tsaoirse de thuairim is 1.4 milliún leanbh i gcoimeád póilíneachta, i gcoinneáil réamhthrialach agus i bpríosúin;

AG. de bhrí go gcoinnítear 330 000 leanbh ar a laghad ar chúiseanna a bhaineann leis an imirce, agus iad neamhthionlactha nó in éineacht lena dteaghlach; de bhrí go bhfuil cónaí ar 19 000 leanbh ar a laghad lena bpríomhchúramóirí, arb iad a máithreacha iad i mbeagnach gach cás, i bpríosún;

[11] Tagann na sonraí uile thuasluaite ó Staidéar na Náisiún Aontaithe ar Leanaí a mBaintear an tSaoirse Díobh.

AH. de bhrí go bhfuil 35 000 leanbh faoi choinneáil faoi láthair i gcomhthéacs coinbhleachtaí armtha agus gur díbríodh na deicheanna mílte ar a laghad go héigeantach, gur scaradh go héigeantach óna dteaghlaigh iad nó gur uchtaíodh go héigeantach iad; de bhrí, in 2022, gan trácht ar bhliain ar bith eile, gur baineadh an tsaoirse de 2 496 leanbh mar gheall ar an mbaint iarbhír nó líomhnaithe a bhí acu le páirtithe i gcoinbhleacht, lena n-áirítear grúpaí armtha agus eagraíochtaí sceimhlitheoireachta; de bhrí go bhfuil 1 500 leanbh ar a laghad faoi choinneáil faoi láthair ar fhorais slándála náisiúnta i dtíortha nach bhfuil coinbhleacht ar bun ar a gcríocha, lena n-áirítear de dheasca gníomhaíochtaí amhail agóidí síochánta, tuairimí polaitiúla a chur in iúl ar líne, rannpháirtíocht i ngrúpaí polaitiúla a bhfuil toirmeasc orthu agus gníomhaíochtaí drong; de bhrí, i measc na dtíortha atá i staideanna coinbhleachta agus ina bhfuil na rátaí is airde coinneáil leanaí a tuairiscíodh i Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe, gur éirigh le cuid acu líon na leanaí atá faoi choinneáil a laghdú go suntasach, agus i gcásanna eile nár tháinig ach méadú ar líon na leanaí atá faoi choinneáil; de bhrí, i gcomhthéacs coinbhleachta, go mbíonn leanaí ina gcónaí i gcampaí príosúin uaireanta, agus gur rugadh iad do mháithreacha a bhí páirteach sa trodaíocht agus atá i bpríosún faoi láthair; de bhrí, de réir UNICEF, go raibh baint ag tuairim is 160 milliún leanbh le saothar leanaí ag tús 2020;

AI. de bhrí go leanann údaráis na Rúise de dhíriú ar leanaí na hÚcráine agus de bheith á gcur faoi chois d'aon ghnó; de bhrí, de réir ardán Leanaí an Chogaidh de chuid na hÚcráine, go bhfuil 488 leanbh ar a laghad ón Úcráin tar éis bás a fháil mar thoradh ar ionradh na Rúise, gur gortaíodh 1 016 leanbh ar a laghad, gur díbríodh thart ar 19 500 leanbh chun na Rúise agus gur tuairiscíodh go bhfuil 3 924 ar iarraidh;

AJ. de bhrí gur sárú ar an gceart tuairimí a chur in iúl, ar ceart é atá dlite do gach leanbh faoi Airteagail 12 agus 13 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, é an tsaoirse a bhaint de leanaí as a gcreideamh agus a dtuairimí polaitiúla a chur in iúl nó as bheith rannpháirteach i léirsithe agus i slógaí; de bhrí gur minic a chaitear le leanaí atá faoi choinneáil ar chúiseanna polaitiúla mar dhaoine fásta, agus iad á gcoinneáil sna príosúin chéanna le daoine fásta fiú amháin agus iad faoi réir na rialacha agus na nósanna imeachta céanna;AK. de bhrí go gcuirtear an iliomad leanaí faoi dhálaí mídhaonna agus i saoráidí do dhaoine fásta agus é sin ina shárú follasach ar chearta an duine i gcás na leanaí sin; de bhrí go n-áirítear le dálaí coinneála plódú, easpa deighilte idir leanaí agus daoine fásta agus/nó cailíní agus buachaillí, ionradh sistéamach ar phríobháideachas, easpa tacaíocht shíceasóisialta do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear teagmháil le daoine muinteartha agus leis an saol lasmuigh, agus rochtain neamhleor ar oideachas, ar chúram sláinte, agus ar ghníomhaíochtaí áineasa agus cultúir; de bhrí gur íospartaigh de chuid sáruithe breise ar chearta an duine – amhail foréigean, éigniú agus ionsaí gnéasach, agus gníomhartha céastóireachta agus íde nó pionós atá cruálach, mídhaonna nó táireach – iad leanaí a mbaintear a saoirse díobh;

AL. de bhrí go ndeirtear i mBarúil Ghinearálta Uimh. 24 ó CRC go bhfuil roinnt leanaí faoi mhíchumas ann nár cheart dóibh a bheith sa chóras ceartais leanaí, fiú má tá aois íosta na freagrachta coiriúla sroichte acu; de bhrí go ndeirtear in Airteagal 14 de CRPD nach féidir le míchumas a bheith ina údar le díothacht saoirse i gcás ar bith; de bhrí go ndeirtear i mBarúil Ghinearálta 24 ó CRC gur cheart freastal faoi leith a dhéanamh ar leanaí faoi mhíchumas, agus go bhféadfaí a áireamh air sin rochtain fhisiciúil ar fhoirgnimh chúirte agus ar fhoirgnimh eile, tacaíocht do leanaí faoi mhíchumas

síceasóisialta agus cúnamh le cumarsáid agus le doiciméid a léamh; de bhrí go bhfuil an líon iomarcach leanaí atá faoi mhíchumas in institiúidí, go bhfulaingíonn siad cineálacha díothachta saoirse a bhaineann go sonrach le míchumas, agus gur dóchúla go ndéanfar dhúshaothrú orthu, go ndéanfar foréigean orthu, go mbainfear mí-úsáid astu, go ndéanfar céasadh orthu agus go dtabharfar cineálacha eile drochíde orthu; de bhrí, maidir leis an 50-75 % de na leanaí a thagann faoi bhráid an chórais ceartais, go bhfuil, cheana féin, cineál éigin neamhoird meabhairshláinte orthu, go bhfuil mí-úsáid á baint astu nó go bhfuil neamart á dhéanamh iontu; de bhrí go n-eascraíonn fadhbanna meabhairshláinte agus fadhbanna sláinte cognaíche as díothacht saoirse, nó go dtéann na fadhbanna sin in olcas dá barr;

AM. de bhrí go bhfuil cearta agus riachtanais shonracha ag leanaí faoi mhíchumas, nár cheart iad a chur in ionaid iata agus gur cheart coinníollacha a chur ar fáil dóibh chun feidhmiú go neamhspleách le tacaíocht ó thríú páirtithe, amhail cúramóirí pearsanta;

AN. de bhrí, de réir Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe, go bhfuil líon iomarcach leanaí ó chúlra eacnamaíoch díothach, leanaí atá faoi mhíchumas nó ar de chúlra imirceach iad, nó leanaí ar cuid den phobal LADTIA+ iad, faoi choinneáil ar fud an domhain;

AO. de bhrí, de réir Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe, go ndírítear ar leanaí freisin lena ngabháil agus lena gcoinneáil mar gheall ar a reiligiún, a n-eitneacht, a bhféiniúlacht treibhe nó a n-áit bhunaidh; de bhrí go bhfuil fianaise ann freisin gur ann do chásanna den díothacht saoirse, amhail pósadh éigeantais, fuadach agus coinscríobh éigeantach i mílíste agus i ndronga coiriúla, atá bunaithe ar theannas eitneach agus reiligiúnach agus ar chlaontachtaí i leith mionlaigh reiligiúnacha agus chreidimh sa tsochaí i roinnt tíortha; de bhrí go bhfuil grúpaí armtha agus eagraíochtaí sceimhlitheoireachta, mar aon le roinnt stát, tar éis díriú ar leanaí ó mhionlaigh reiligiúnacha agus eitneacha agus na mílte ban, cailíní agus buachaillí a fhuadach, agus foréigean gnéasach agus éigniú córasach, pósadh éigeantais agus ginmhilleadh comhéignithe á fhulaingt ag a lán acu dá mbarr;

AP. de bhrí go bhfuil cailíní i roinnt traidisiún i mbaol coireanna oinigh go háirithe, go mbaintear a saoirse díobh agus go dtarlaíonn dúnmharú agus 'maruithe oinigh' dá dheasca sin; de bhrí go bhfuil 12 mhilliún cailín ann a phósann sula slánaíonn siad 18 mbliana d'aois; de bhrí gur cineál eile díothachta saoirse é an pósadh éigeantais gan beann ar aois agus gan beann ar cathain a chinntear lán-aois le dlí náisiúnta tíre; de bhrí go mbaintear an tsaoirse de leanaí LADTIA+ chomh maith atá faoi bhraighdeanas baile lena dteaghlach agus a gcuirtear iallach orthu dul faoi theiripí tiontaithe;

AQ. de bhrí, de réir UNICEF, gurb amhlaidh, ar fud an domhain idir Márta 2020 agus Deireadh Fómhair 2021, a scaoileadh breis agus 45 000 leanbh ón gcoinneáil in 84 tír ar a laghad mar bheart in aghaidh ionfhabhtú COVID-19, rud a léiríonn gur féidir deireadh a chur leis an gcoinneáil agus gur fearr a bhíonn tíortha nach n-úsáideann an choinneáil in ann gnéithe áirithe d'éigeandálaí sláinte poiblí a láimhseáil;

AR. de bhrí go bhfuil ról ceannasach cheana ag an Aontas maidir le leanaí a chosaint, agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ar fud an domhain tríd an rochtain ar oideachas, ar sheirbhísí

agus ar an gcúram sláinte a neartú, agus trína gcosaint ar gach cineál foréigin, mí-úsáide agus neamairt, lena n-áirítear sa chomhthéacs daonnúil;

1. á mheabhrú gur céim sa saol í an óige ina bhforbraíonn leanaí a bpearsantacht, a gcaidrimh mhothúchánacha le daoine eile, a scileanna sóisialta agus oideachais agus a n-inniúlachtaí sóisialta, agus á chur i bhfáth, dá bhrí sin, go bhfágann an tsaoirse á bheith á baint de leanaí go mbaintear díobh freisin a n-óige agus an méid a raibh siad ag súil leis ina saol sa todhchaí; á chur i bhfáth go bhfuil sé de cheart ag leanaí rochtain gan bhac a bheith acu ar ghníomhaíochtaí oideachais agus dea-bhaile, arb iad na bealaí is fearr iad chun éifeachtaí na bochtaineachta a mhaolú agus chun todhchaí níos fearr a áirithiú dóibh féin, dá dteaghlaigh agus dá bpobail; á iarraidh ar na hinstitiúidí ábhartha a áirithiú go gcuirfear an ceart sin i bhfeidhm go héifeachtach;

2. á mheabhrú gur mheas Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas gur cineál treallach díothachta saoirse é an t-institiúidiú; á aithint, cé nach ann d’aon sainmhíniú ar ‘institiúidí’ a nglactar leis ar fud an domhain, go bhfuil institiúidí díobhálach go cinnte d’fhorbairt leanaí agus dá dtaobhú síceasóisialta mar gheall ar ghnéithe amhail dípheasantú, gnáthaimh dhochta, easpa tacaíocht aonair nó easpa cóireáil phearsanta agus easpa smachta na gcónaitheoirí ar a saol agus ar chinntí lena ndéantar difear dóibh;

3. á chur i bhfáth go bhféadfadh sé gur cineál céastóireachta nó íde cruálaí, mídhaonna nó táirí nó pionóis chruálaigh, mhídhaonna nó tháirigh leanaí í an díothacht saoirse, ar sárú í ar an dlí idirnáisiúnta, a bhfuil toirmeasc sainráite uirthi in Airteagal 37(a) den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh, agus / nó go bhféadfaí, mar thoradh uirthi, ceart an linbh chun na beatha, chun marthanais agus chun forbartha, a chumhdaítear in Airteagal 6 den Choinbhinsiún, a shárú; á iarraidh le teann práinne go ndéanfaí leis na creataí dlíthiúla intíre gach cineál céastóireachta agus íde nó pionóis atá cruálach, mídhaonna nó táireach a thoirmeasc agus a phionósú go hiomlán; á iarraidh go n-aisghairfear reachtaíocht agus cleachtas ar bith lena féidir, go fóill, príosúnacht saoil agus pionós coirp a ghearradh ar leanaí, in ainneoin an toirmisc iomláin atá orthu faoi Airteagal 37(a) den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; á mheabhrú go dtoirmisctear leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine pionós an bháis a ghearradh ar dhuine aonair a bhí ina leanbh tráth déanta ciona; á iarraidh go práinneach go gcuirfí toirmeasc iomlán, le creataí dlíthiúla intíre, ar phionós an bháis a ghearradh ar chiontóirí ar leanaí iad;

4. á mheabhrú nár cheart, in imthosca ar bith, do ghrúpaí armtha nó do dhaoine a bhfuil baint acu leo leanaí faoi bhun 18 mbliana d’aois a earcú agus nár cheart do leanaí faoi bhun 18 mbliana d’aois a bheith rannpháirteach i gcogaíocht;

5. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, de réir UNICEF, a léirigh bearta COVID-19 gur féidir le tíortha gníomhú go tapa nuair a bhíonn údar soiléir agus láidir ann déanamh amhlaidh, éigeandáil sláinte poiblí sa chás sin, chun grúpaí sa daonra atá i mbaol a chosaint, amhail iad siúd atá i spásanna cúnga, agus go bhféadfaí athstiúradh agus bearta eile lena mbaineann roghanna malartacha ar choinneáil a úsáid go sainráite i gcás leanaí; á iarraidh go mbeadh deiseanna níos fearr ann do thuismitheoirí, do theaghlaigh nó do chúramóirí cuairt a thabhairt ar a leanaí agus idirghníomhú leo nuair is chun leas an linbh é;

6. á chur in iúl gur saoth léi coinneáil leanaí; á mheas gur cheart don phobal idirnáisiúnta dlús a chur lena iarrachtaí deireadh a chur le coinneáil leanaí faoi 2030 trí úsáid a bhaint as an athstiúradh agus trí aitheantas dlíthiúil sainráite a thabhairt don athstiúradh, agus iniúchadh a dhéanamh ar roghanna malartacha neamhchoimeádta agus ar bheart ceartais aisirígh, ós rud é go bhfuil fianaise dhoshéanta ann go bhfuil an díothacht saoirse díobhálach do dhea-bhail leanaí agus go mbaintear ró-úsáid aisti;

7. á chur i bhfáth nach mór pionós a ghearradh ar na daoine nó ar na heagraíochtaí a d’ordaigh agus/nó a chuir oiliúint ar an leanbh coir a dhéanamh agus nach mór iad a thabhairt chun cuntais i gcomhréir leis an damáiste a rinneadh;

8. á chur i bhfios go láidir nár cheart a mheas choíche gur bealach é an tsaoirse a bhaint de leanbh chun athshlánú agus/nó athimeascadh sa tsochaí a bhaint amach, mar a cheanglaítear leis an dlí idirnáisiúnta; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) comhpháirtithe tríú tír a spreagadh chun an moladh ó Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le haois íosta na freagrachta coiriúla a chomhlíonadh; ag tathant ar thríú tíortha gan aois íosta na freagrachta coiriúla a laghdú agus ag tathant orthu coincheapa doiléire amhail iompar ‘mímhorálta’ nó ‘suaiteach’ leanaí a dhíchoiriúlú;

9. ag tabhairt dá haire go bhfuil easpa sonraí cuimsitheacha, nuashonraithe agus imdhealaithe ann maidir le líon na leanaí ar domhan faoi láthair ar baineadh an tsaoirse díobh, go háirithe i gcomhthéacs na himirce, i gcomhthéacs institiúidí, i gcomhthéacs na slándála náisiúnta agus i gcomhthéacs na coinbhleachta armtha; á chur i bhfáth go bhfuil gá le bunachar idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chothabháil ina leith sin; á chur i bhfios go láidir gur cheart, nuair is iomchuí, na líonta sin a mhiondealú de réir catagóirí coireachta agus de réir cúiseanna leis an díothacht saoirse;

10. á iarraidh go bhforbrófar córas éifeachtach faireacháin neamhspleách ar gach áit a gcoinnítear leanaí lena n-áiritheofar go gcuirfear torthaí na gcuairteanna faireacháin ar fáil go poiblí; á chur i bhfáth go bhfuil ról lárnach ag iriseoirí agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha ó thaobh faisnéis a chur ar fáil maidir le líon agus staid na leanaí a bhfuil an tsaoirse bainte díobh, go háirithe i gcás tíortha atá i gcoinbhleacht nó ina bhfuil comhar le rialtais maidir leis an tsaincheist sin deacair nó dodhéanta;

11. á iarraidh, dá bhrí sin, ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit a bheith ar thús cadhnaíochta agus feachtas domhanda a sheoladh chun líon na leanaí atá in ionaid choinneála a laghdú, lena n-áirítear trí shásra leantach de chuid na Náisiún Aontaithe a bhunú chun cur chun feidhme iomlán na moltaí ó Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe a áirithiú atá in ann rannchuidiú le leanaí atá i gcoinneáil a scaoileadh saor go héifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) tacú go gníomhach, lena n-áirítear trí chistiú nuair is iomchuí, le tionscnaimh arna ndéanamh ag údaráis na gcomhpháirtithe tríú tíortha agus / nó arna ndéanamh ag eagraíochtaí áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na díothachta saoirse ar bhealach córasach iomlánaíoch;

12. á chur in iúl gur geal léi Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chearta an Linbh, 2022, arna ullmhú ag an gCoimisiún, mar mhodh chun seasamh an Aontais mar phríomhghníomhaí domhanda a neartú, chun feabhas a chur ar inniúlachtaí cosanta leanaí laistigh de

thoscaireachtaí an Aontais trí phointí fócasacha don óige a ainmniú agus chun a áirithiú go gcosnófar agus go gcomhlíonfar cearta an linbh trí bhíthin bheartas seachtrach an Aontais i ngach comhthéacs; á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh sonraí agus faisnéis nuashonraithe a sholáthar maidir le ról agus gníomhaíochtaí thoscaireachtaí an Aontais agus é mar aidhm leis sin cumarsáid phoiblí a fheabhsú, éifeachtacht a róil a threisiú agus a sainordú a neartú, agus freisin, nuair is féidir, trí bhíthin uirlisí taidhleoireachta parlaimintí (e.g. misin oifigiúla de chuid na Parlaiminte);

13. ag meabhrú a thábhachtaí atá sé go dtacódh an Aontas agus na Ballstáit le córais réigiúnacha um chearta an duine a neartú, lena n-áirítear trí chúnamh airgeadais agus trí mhalartuithe trasréigiúnacha taithí; ag creidiúint go láidir sa ról nach mór a bheith ag na córais réigiúnacha sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar chás na leanaí a mbaintear an tsaoirse díobh agus ar a gcomhlántacht le córas na Náisiún Aontaithe um chearta an duine;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) beartas cuimsitheach um dhí-institiúidiú a tharraingt suas trí thacú leis na húdaráis tríú tír agus eagraíochtaí áitiúla i dtaobh forbairt a dhéanamh ar phleananna gníomhaíochta náisiúnta lena ngabhfadh bearta nithiúla agus tráthchláir shoiléire a bheadh dírithe ar líon na leanaí a mbaintear an tsaoirse díobh a laghdú agus ar thosaíocht a thabhairt do réitigh neamhchoimeádta agus suíomhanna teaghlaigh thar an gcoinneáil; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS a bheith réidh chun tacaíocht a chur ar fáil d’eagraíochtaí tríú tír agus d’eagraíochtaí áitiúla atá i mbun dí-institiúidiú;

15. á mheabhrú gur dhearbhaigh an tAontas go bhfuil sé rún daingean aige tacú leis an aistriú ó chúram institiúideach go cúram teaghlaigh agus pobalbhunaithe ina ghníomhaíocht sheachtrach san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI), san Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III), i bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus maidir leis an Daonlathas, 2020-2024 agus sa ghné dhomhanda de Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh, 2021-2024; ag tathant ar institiúidí an Aontais gan institiúidí a chistiú, lena n-áirítear a n-athfheistiú, a bhfoirgniú nó a n-athchóiriú, mura cuid de phróiseas dí-institiúidiúcháin iad;

16. á thabhairt chun suntais go n-úsáideann roinnt tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas institiúidí iata fós le haghaidh daoine, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas; á iarraidh an athuair ar thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chun a áirithiú go gcloífear le cearta daoine faoi mhíchumas agus go n-áiritheofar dálaí maireachtála cuibhiúla do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas;

17. á iarraidh go nglacfaí liosta de chuid an Aontais de thíortha tosaíochta a bhféadfaí a áireamh ann limistéir i gcoinbhleacht, críocha faoi fhorghabháil, limistéir easáitithe mhéadaithe nó iad siúd a bhfuil grúpaí armtha nó eagraíochtaí sceimhlitheoireachta i láthair iontu, i measc tíortha eile, ar tíortha iad ar cheart do SEGS, don Choimisiún agus do na Ballstáit dlús a chur lena ngníomhaíocht iontu chun tacú le leanaí a bhfuil an tsaoirse bainte díobh agus déileáil le húdaráis áitiúla i dtaobh sásraí cosanta agus reachtaíocht shonrach, atá dírithe ar chosaint leanaí a ráthú, a thabhairt isteach nó a fheabhsú; ag áitiú gur cheart do SEGS an liosta tosaíochtaí sin a ullmhú, i

ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí agus leis an bParlaimint, agus gur cheart é a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil; á iarraidh, thairis sin, ar Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (VP/HR) tuarascáil phoiblí bhliantúil ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh sna tíortha tosaíochta a sholáthar;

18. ag cáineadh go láidir smuigleáil agus dúshaothrú daoine, lena n-áirítear leanaí;

19. ag spreagadh ambasáidí na mBallstát agus Thoscaireachtaí an Aontais chun a áirithiú go gcuimseofar eagraíochtaí sochaí sibhialta, ceannairí pobail áitiúla agus gníomhaithe creidimh nuair a bhíonn siad ag déileáil leis na húdaráis i dtaobh deireadh a chur le cleachtais dhíobhálacha a dhéantar i leith leanaí, amhail pósadh éigeantais nó díothacht saoirse atá bunaithe ar chreideamh agus reiligiún, lena n-áirítear rannchuidiú go gníomhach le deireadh a chur leis na cleachtais sin nuair a tharlaíonn siad; á aithint gur eol gurb amhlaidh, i roinnt tíortha, atá an díothacht saoirse bunaithe ar steiréitíopaí eitneacha, reiligiúnacha agus inscne;

20. á mheabhrú gurb amhlaidh, gan beann ar na dálaí ina gcoimeádtar leanaí, a léirítear i staidéir go mbíonn tionchar domhain agus diúltach ag an gcoinneáil ar shláinte leanaí agus ar a bhforbairt fhisiciúil, mhothúchánach agus mheabhrach, agus gur féidir an díobháil sin a dhéanamh fiú más tréimhse réasúnta gearr atá sa tréimhse choinneála; á éileamh go leithdháilfear acmhainní leordhóthanacha agus go nglacfar cur chuige leanbhláraithe, thráma-eolasach, aoisíogair agus inscne-íogair chun maolú a dhéanamh ar rioscaí méadaithe do ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas agus leanaí ó phobail dhúchasacha, eitneacha agus mhionlaigh; ag cur béim ar an bhfíoras nach bhféadfar úsáid a bhaint choíche as míchumas mar údar le díothacht saoirse;

21. á iarraidh go práinneach go gcuirfear deireadh leis an idirdhealú in aghaidh leanaí atá faoi mhíchumas sna dlíthe, sna beartais agus sna cleachtais uile a bhaineann leis an gceart chun na saoirse pearsanta; á iarraidh ar thoscaireachtaí an Aontais tacú leis na húdaráis tríú tír i ndáil le cearta agus riachtanais leanaí atá faoi mhíchumas a phríomhshruthú i ngach réimse dlí agus beartais atá ábhartha go díreach nó go hindíreach maidir le coinneáil neamhdhleathach agus / nó threallach a chosc agus a dhíothú, agus rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach leanaí atá faoi mhíchumas sna próisis chinnteoireachta uile, lena n-áirítear gach céim den fhorbairt beartas atá dírithe ar dheireadh a chur le díothacht saoirse leanaí, a áirithiú; á mholadh go mbunófar feachtais múscailte feasachta agus cláir oiliúna, agus ag tacú leis na feachtais sin, go háirithe do lucht ceaptha beartas, d’oifigigh phoiblí, do sholáthraithe seirbhíse agus do na meáin, maidir le ceart leanaí faoi mhíchumas chun na saoirse agus chun na slándála, lena n-áirítear steiréitíopaí, claontachtaí agus cleachtais dhíobhálacha a chomhrac;

22. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit tacú le húdaráis tríú tír i ndáil lena áirithiú go bhfuil gach leanbh in ann leas a bhaint as a gceart chun bunoideachais agus gníomhaíocht a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil an t-oideachas meánscoile ar fáil agus inrochtana; á áitiú, dá bhrí sin, go n-áireofar go cuí leanaí a mbaintear an tsaoirse díobh; á chur i bhfáth nach mór do gach bunábhar oideachais agus scoile caighdeáin UNESCO maidir le hoideachas a chomhlíonadh; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit tacú le húdaráis tríú

tír i ndáil le modhanna digiteacha teagaisc agus foghlama a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus rochtain ar an idirlíon a éascú do gach leanbh;

23. á iarraidh go mbeadh feasacht níos mó ann i dtaobh lánas ar líne a mbíonn leanaí páirteach ann, a mbíonn rochtain ag leanaí air nó a chruthaíonn leanaí, agus go mbeadh tuilleadh smachta ann ar an lánas sin; ag tabhairt dá haire gur minic a bhíonn de thoradh ar na bagairtí a eascraíonn as forbairt an digitithe agus as an easpa rialú iomchuí go ndéantar dúshaothrú ar mhionaoisigh, agus iad neamhchosanta dá chionn sin ar an mbás nó ar chailleadh na sláinte agus fiú go mbaintear an tsaoirse díobh dá chionn sin;

24. á chur i bhfáth, chun na bunchúiseanna atá le díothacht saoirse leanaí a chomhrac, nach mór do stáit acmhainní suntasacha a infheistiú chun neamhionannais a laghdú agus chun cabhrú le teaghlaigh iad a chumhachtú chun forbairt fhisiciúil, mheabhrach, spioradálta, mhorálta agus shóisialta na leanaí a chothú; ag tathant go ndéanfaí gníomhaíocht i dtreo chosaint shóisialta gach linbh;

25. ag cáineadh gach cineál pionóis as a n-eascraíonn díothacht saoirse leanaí, bunaithe ar a ngnéaschlaonadh nó ar a bhféiniúlacht inscne, ar ghinmhilleadh a bheith faighte acu nó as gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla agus neamhdhúshaothraithe idir ógánaigh atá ar comhaois a bheag nó a mhór, mar aon le díothacht saoirse a eascraíonn as mí-úsáid atá bunaithe ar ‘oineach’; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar SEGS tacú le húdaráis ábhartha na Náisiún Aontaithe agus le gníomhaithe áitiúla sochaí sibhialta a bhfuil baint acu le húdaráis tríú tír aghaidh a thabhairt ar na dlíthe idirdhealaitheacha uile in aghaidh na n-ógánach bunaithe ar a ngnéaschlaonadh agus ar a bhféiniúlacht inscne, agus á chur i bhfáth nach mór a áirithiú go mbeidh cúram cuí agus cosaint chuí ar gach cineál idirdhealaithe, foréigin agus dúshaothraithe ghnéasaigh ann in ionaid choinneála;

26. ag cáineadh aon chineál pionóis as a n-eascraíonn díothacht saoirse atá bunaithe ar reiligiún, ar eitneacht nó ar fhéiniúlacht treibhe; á chur i bhfios go láidir go n-áirítear leis an gceart chun saoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus reiligiúin an tsaoirse cibé ní a thograíonn siad a chreidiúint nó gan é sin a chreidiúint agus an tsaoirse chun reiligiún nó creideamh a aimsiú, a leanúint, a athrú nó a thréigean gan aon srianta;

27. á chur i bhfáth gur gá aghaidh a thabhairt ar an líon iomarcach buachaillí atá faoi choinneáil ar gach modh is féidir, lena n-áirítear trí athstiúradh a chur chun cinn ag gach céim den chóras dlí choiriúil agus trí réitigh neamhchoimeádta a chur i bhfeidhm go comhréireach i leith buachaillí agus cailíní; á mheas go bhfuil sé práinneach gné inscne a thabhairt isteach i gcórais ceartais leanaí agus aghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí atá ann idir na hinscní maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí ceartais leanaí;

28. ag tabhairt dá haire go bhfreagraíonn an bhearna shuntasach idir na hinscní lena ndéantar difear do leanaí atá faoi choinneáil freisin do chineálacha ar leith agus, uaireanta, do chineálacha níos dofheicthe leatroim agus díothachta a dhéantar ar chearta agus saoirsí na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear cineálacha sonracha foréigin amhail maruithe oinigh agus pósadh éigeantais, i measc nithe eile; á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí breise chun aghaidh a thabhairt ar na cineálacha sonracha foréigin sin i gcomhthéacs athbhreithniú meántéarma Phlean

Gníomhaíochta III de chuid an Aontais maidir le hInscne, lena n-áirítear peirspictíochtaí nuálacha laistigh den idirphlé polaitiúil agus den idirphlé maidir le cearta an duine le tríú tíortha;

29. á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit tacú le tríú tíortha oiliúint speisialaithe a chur ar fáil do na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear breithiúna, maidir le cearta agus riachtanais leanaí;

30. ag tabhairt dá haire go mbíonn cailíní a chónaíonn ar an tsráid an-leochaileach, ós rud é gur minic a dhéantar iad a ghabháil agus a choinneáil ar chúiseanna a bhaineann le striapachas, agus go léirítear i staidéir ar ghabháil cailíní gur dóchúla i bhfad, murab ionann agus buachaillí, go ngabhfar iad mar gheall ar chionta stádais; ag cáineadh an fhíorais gurb amhlaidh, i dtíortha ina bhfuil ginmhilleadh ina choir, atá baol ann go gcoinneofar cailíní agus gan déanta acu ach cinneadh a dhéanamh deireadh a chur le toircheas; ag cáineadh an fhíorais go mbíonn cailíní, le linn a saoirse a bheith bainte díobh, neamhchosanta go háirithe ar ghnéaschiapadh, i measc cineálacha eile foréigin inscnebhunaithe;

31. ag tabhairt dá haire gur dóchúla i roinnt tíortha go ndéanfar daoine óga LGBTIQ+ a ghabháil agus a choinneáil mar gheall ar chionta stádais agus cionta neamhfhoréigneacha eile agus gur minic a choinnítear iad i saoráidí coinneála atá míchuí ó thaobh inscne de agus go bhfuil siad an-leochaileach i leith foréigin;

33. á chur i bhfáth gur gá cionta stádais a dhíchoiriúlú;

34. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS a mholadh do na comhpháirtithe tríú tír an Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta a dhaingniú agus Sásraí Náisiúnta Coisctheacha neamhspleácha agus éifeachtacha a bhunú lena ngabhann saineolas ar leith i dtaobh cuairteanna a thabhairt ar ionaid ina mbaintear, nó ina bhféadfadh sé go mbainfí, an tsaoirse de leanaí; á chur in iúl gur geal léi gurb é an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh an coinbhinsiún is mó a daingníodh maidir le cearta an duine agus á iarraidh go ndéanfar é a dhaingniú go hiomlán agus go huilíoch mar ábhar práinne; ag tathant ar gach uile thír daingniú a dhéanamh ar an tríú Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh maidir le nós imeachta cumarsáide, beart lena gcuirfí ar chumas leanaí sásamh a lorg mar gheall ar sháruithe ar a gcearta;

35. á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht níos déine thar ceann leanaí atá ar iarraidh nó a fuadaíodh trí mhalartú faisnéise ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta agus go ndéanfaí iarrachtaí comhpháirteacha chun leanaí a chur ar ais chuig a dtuismitheoirí nó chuig a gcaomhnóirí dlíthiúla;

36. á mheabhrú go mbíonn beartais phoiblí ina mbeartais éifeachtacha nuair a cheaptar iad ar bhonn sonraí iomlána, tráthúla agus iontaofa; á mholadh don Aontas agus dá Bhallstáit cúnamh saincheaptha agus tacaíocht mhodheolaíoch shaincheaptha a thairiscint d'údaráis tríú tír maidir le bailiú sonraí, lena n-áirítear modhanna teicniúla agus creataí dlíthiúla, chun comhroinnt sonraí idir institiúidí stáit, agus freisin le gníomhaithe neamhstáit ábhartha (eagraíochtaí idirnáisúnta, mar shampla), a éascú; á chur i bhfios go láidir gur gá sonraí imdhealaithe a bhailiú go córasach chun tuiscint

níos fearr a fháil ar chonairí na mbuachaillí agus na gcailíní chun na coinneála sna cásanna uile ina mbaintear a saoirse de leanaí;

37. á chur in iúl gur oth léi nach ndearna SEGS athbhreithniú ar Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh a Chur chun Cinn agus a Chosaint ó glacadh é in 2017; á mheas go bhfuil géarghá le measúnú tionchair a sheoladh ar an gcaoi a bhfuil toscaireachtaí an Aontais ag cur na dtreoirlínte chun feidhme i dtíortha tríú tír;

38. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS cearta leanaí a áireamh go córasach san idirphlé polaitiúil leis na tíortha comhpháirtíochta, mar atá á dhéanamh cheana i gcomhthéacs na caibidlíochta aontachais agus i gcomhthéacs an phróisis cobhsaíochta agus comhlachais;

***Leanaí laistigh de riaradh an cheartais***

39. á iarraidh ar SEGS agus ar an gCoimisiún a mholadh, ina gcláir chomhair uile maidir leis an smacht reachta agus maidir leis an bhfothú acmhainneachta i gcomhthéacs an cheartais, caibidil ar leith a bheadh dírithe ar thacú le húdaráis tríú tír córais cheartais leanaí éifeachtacha a bhunú, lena n-áireofaí athstiúradh a chur chun feidhme ón tús agus ag gach céim den nós imeachta coiriúil, aois na freagrachta coiriúla a choimeád nó a mhéadú i gcomhréir leis an moladh ó Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe, cionta stádais a dhíchoiriúlú, faisnéis atá oiriúnach do leanaí agus sásraí rannpháirtíochta leanaí a áirithiú, agus breithniú a dhéanamh ar bhealaí chun tréimhse na coinneála a ghiorrú go dtí an tréimhse íosta nuair nach féidir coinneáil a sheachaint;

40. á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí níos déine chun a áirithiú gur féidir le gach leanbh atá faoi choinneáil leas a bhaint as na cearta a chumhdaítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus go gcaithfear leo go daonnachtúil agus le hurraim do dhínit bhunúsach an duine; á iarraidh go gcuirfí toirmeasc ar fhoréigean fisiciúil agus síceolaíoch mar mhodhanna smachta faoi choinneáil;

41. á iarraidh ar SEGS agus ar an gCoimisiún tuilleadh forbartha a dhéanamh, in éineacht leis na comhpháirtithe tríú tír, ar chláir oiliúna don fhoireann ceartais agus forfheidhmithe dlí chun éisteachtaí agus imeachtaí atá oiriúnach do leanaí a fhorbairt, agus chun a chinneadh conas is fearr a gheofaí tuairimí na leanaí, toisc go mbíonn siad i dteideal páirt a ghlacadh i gcinntí a mbaintear a saoirse díobh mar thoradh orthu, agus achomharc a dhéanamh ina n-aghaidh; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé de cheart ag na leanaí uile rochtain ar chúnamh dlíthiúil, ionadaíocht agus seirbhísí a bheith acu saor in aisce, lena n-áirítear rochtain ar thacaíocht mheabhairshláinte agus shíceolaíoch, saineolaithe leanaí agus cleachtóirí dlí iontaofa ar féidir leo difear a dhéanamh do thaithí an linbh ar an gcóras ceartais agus do thoradh an cháis;

***Leanaí agus a bpríomhchúramóirí***

42. á chur i bhfios go láidir gur cheart do na stáit staonadh a mhéid is féidir ó phríomhchúramóirí a bhfuil leanaí an-óg acu a choinneáil agus, mura ndéantar amhlaidh, gur cheart dóibh 'aonaid do thuismitheoirí agus leanaí araon' atá oiriúnach do leanaí a fhorbairt i bpríosúin, cóiríocht speisialta don chúram agus cóireáil réamhbhreithe, imbhreithe agus iarbhreithe a bhunú, agus féachaint le leanaí a

scaoileadh saor i dteannta a dtuismitheoirí; á mheabhrú nach mór na bearta uile is gá a dhéanamh chun sábháilteacht, dínit agus forbairt aon leanbh ar a bhfuil cónaí le tuismitheoir i bpríosún a áirithiú agus nach mór cosaint ar fhoréigean, ar thráma agus ar staideanna dochracha a áirithiú an t-am ar fad;

43. ag meabhrú na moltaí ón gCoiste Eorpach chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc maidir le héascaíocht a dhéanamh d'fhorchur roghanna de mhalairt ar choinneáil a mhéid a bhaineann le cailíní torracha agus máithreacha óga chun go seachnófar staideanna ina mbíonn leanaí ag maireachtáil faoi choinneáil;

44. á chur i bhfáth gur cheart do na húdaráis measúnaithe ar leas an linbh a ionchorprú sna próisis chinnteoireachta uile ina bhféadfadh díothacht saoirse linbh a bheith mar thoradh ar choinneáil tuismitheora, lena n-áirítear cinntí réamhthrialach, cinntí pianbhreithe agus aon chineál cinnidh lena dtugtar aghaidh ar cibé atá leanbh in ainm a bheith ag maireachtáil le príomhchúramóir i bpríosún, agus ar cá fhad atá leanbh in ainm a bheith ag maireachtáil le príomhchúramóir i bpríosún;

45. á iarraidh ar na tíortha comhpháirtíochta dlíthe agus rialacháin a achtú lena dtacaítear le réitigh neamhchoimeádta do thuismitheoirí leanaí cleithiúnacha agus lena dtugtar tosaíocht dóibh thar réitigh choimeádta, agus lena gcuirtear chun cinn meastóireacht bhreithiúnach ar gach cás aonair bunaithe ar chritéir an riachtanais, na comhréireachta agus na réasúntachta nuair a bhíonn cinntí coinneála réamhthrialach agus pianbhreithe á meas;

46. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS tacú leis na tíortha comhpháirtíochta i dtaobh cláir athshlánaithe do phríomhchúramóirí laistigh de phríosúin a mhúnlú, ar cheart a áireamh iontu sásraí cosanta don leanbh chun stiogmatú a chosc, agus a mholadh go gcothófaí comhar agus comhordú idir na ranna poiblí ábhartha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun leanaí a athimeascadh sa tsochaí tar éis dóibh ionaid choinneála a fhágáil;

***Imircigh ar leanaí iad***

47. á mheabhrú nár cheart, de ghnáth, leanaí arb imircigh iad a chur faoi choinneáil ach gur cheart iad a chur i gcóiríocht lena ngabhann soláthar speisialta do mhionaoisigh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, i saoráidí neamhchoimeádta, pobalbhunaithe; á chur i bhfáth gur cheart do stáit coimircí iomchuí a chur i bhfeidhm chun gach leanbh atá ar imirce ar a gcríoch a chosaint, lena n-áirítear trí bhearta a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear cóiríocht shábháilte agus iomchuí ar fáil do leanaí mar aon le seirbhísí tacaíochta riachtanacha chun a áirithiú go ndéanfar a leasanna agus a ndea-bhail a choimirciú;

48. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú atá ag teacht ar líon na dtíortha ina bhfuil imircigh, iarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe, leanaí ina measc, i suíomhanna éagsúla sealadacha nó buana, amhail cóiríocht phríosúin nó saoráidí eile atá ceaptha chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, nó i suíomhanna sealadacha nó buana eile nach bhfuil aon deis acu iad a fhágáil nó nach féidir leo iad a fhágáil ach ag amanna áirithe faoi choinníollacha áirithe, agus ar suíomhanna iad nach gcomhlíonann na híoschaighdeáin sábháilteachta agus sláinteachais; á chur i bhfáth gur gá dálaí glactha a chur in oiriúint

do chás sonrach mionaoiseach agus dá riachtanais ghlactha speisialta, bídís gan tionlacan nó i bhfochair a dteaghlach, agus a slándáil, lena n-áirítear i gcoinne foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, á cur san áireamh, cúram fisiciúil agus mothúchánach á chur san áireamh, agus chun a bhforbairt ghinearálta a spreagadh;

49. á chur in iúl gur saoth léi cásanna ina ndéantar leanaí a dheighilt óna dtuismitheoirí agus óna gcaomhnóirí dlíthiúla nó ina ndéantar iad a chur in ionaid atá ar shiúl uathu, beart a mbíonn de thoradh air go ndoimhnítear tráma na himirce, go méadaítear braistint na bagartha agus na héiginnteachta agus go n-imrítear tionchar diúltach ar fhorbairt leanaí scartha; ag cur béim ar an bhfíoras nach mbíonn scaradh teaghlaigh nó coinneáil inimirce chun leasa linbh choíche; á chur i bhfios go láidir nach chun a leasa choíche é teaghlaigh agus leanaí, bídís tionlactha nó neamhthionlactha, scartha nó á gcoinneáil in éineacht lena dteaghlach, a choinneáil agus gur sárú é i gcónaí ar chearta an linbh;

50. á mheas gur cheart cúram malartach agus cóiríocht mhalartach a chur ar fáil do leanaí neamhthionlactha i gcomhréir le Treoirlínte na Náisiún Aontaithe maidir le Cúram Malartach Leanaí agus gur cheart do stáit nósanna imeachta tearmainn, cosaint leormhaith agus cúnamh daonnúil, lena n-áirítear athaontú teaghlaigh, oideachas agus cúram sláinte, a chur ar fáil do leanaí ar dídeanaithe iad;

51. á mheas nach mór teacht ar bhealaí sábháilte agus dleathacha agus ar réitigh neamhchoimeádta agus phobalbhunaithe chun stop a chur le coinneáil leanaí arb imircigh iad agus a dteaghlach; á chreidiúint nach bhfuil an tsaincheist maidir le cé acu a bhaintear saoirse de leanbh nó nach mbaintear ag brath ar an ainm nó ar an aicmiú a shannann an stát don institiúid ina bhfuil an leanbh á choinneáil nó á coinneáil, ach ar cé acu is ionann nó nach ionann réaltacht agus déine na srianta a fhorchuirtear agus díothacht saoirse; á iarraidh go nglacfar nósanna imeachta um shainaithint agus atreorú imirce atá íogair do leanaí; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, ar Bhallstáit an Aontais dea-shampla a thabhairt agus tacú le tíortha idirthurais agus cinn scríbe deireadh a chur leis an gcleachtas sin;

52. á chur i bhfáth nach féidir teaghlaigh a bhfuil leanaí acu a dhíbirt chuig tíortha ina bhfuil ardriosca póstaí éigeantais;

53. á chur i bhfios go láidir nach chun leas an linbh choíche é mionaoisigh a choinneáil nó a choiriúlú ar chúiseanna a bhaineann le hinimirce; ag meabhrú na hoibleagáide atá ar an stát cearta agus leas an linbh a chosaint agus a urramú i gcónaí, gan beann ar stádas imirce an linbh ná ar stádas imirce a thuismitheoirí, trína áirithiú go mbíonn réimse inmharthana roghanna malartacha ar choinneáil i gcomhthéacsanna neamhchoimeádta ar fáil agus inrochtana, trí thosaíocht a thabhairt do shocruithe cúraim phobalbhunaithe lena n-áirithítear rochtain ar oideachas agus ar chúram sláinte, agus lena n-urramaítear a gceart chun saoil teaghlaigh agus chun aontachta teaghlaigh, agus trí bheith ag obair chun teorannú a dhéanamh ar chleachtas na coinneála leanaí i gcomhthéacs na himirce idirnáisiúnta d'fhonn deireadh a chur leis an gcleachtas sin;

54. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur ann do chásanna ina gcaitear le leanaí arb imircigh iad mar imircigh fhásta agus ina mbaintear a saoirse díobh de cheal clárúchán breithe agus toisc nach eol cén aois iad; á iarraidh ar thíortha comhpháirtíochta a áirithiú go ndéantar, go pras, measúnuithe cuimsitheacha – lena

dtacaítear le leanaí agus atá íogair ó thaobh inscne – ar fhorbairt an linbh, ar measúnuithe iad arna ndéanamh ag sainphéidiatraithe agus ag gairmithe leighis eile, agus ar cheart go bhféadfaí achomharc a dhéanamh in aghaidh a gcinntí le ráthaíochtaí dlíthiúla iomlána;

***Leanaí ar fhág coinbhleacht a lorg orthu***

55. ag tabhairt dá haire go raibh breis agus leanbh amháin as seisear ina gcónaí i limistéar coinbhleachta in 2022; á mheabhrú nach mór a mheas gur íospartaigh, thar aon ní eile, iad leanaí a choinnítear i gcomhthéacs forghabhála nó i gcomhthéacs coinbhleacht armtha agus nach bhféadfar iad a choinneáil ná iad a phionósú go brách mar gheall ar iad a bheith ina mball d’fhórsaí armtha nó de ghrúpaí armtha, agus mar gheall air sin amháin; á chur i bhfáth gur gá cúram síceolaíoch agus meabhairshláinte leormhaith, mar aon le hoideachas leormhaith, a fhorbairt chun cur ar chumas leanaí athimeascadh i bpobail agus a n-áit a aimsiú i sochaí iarchoinbhleachta, chun cosc a chur ar an bhforéigean a bheith á shíneadh chuig an gcéad ghlúin eile, agus chun cur isteach ar an síneadh sin, agus chun go seachnófar an bonn a bheith á bhaint de na hiarrachtaí ar shíocháin a chothú; á chur i bhfios go láidir gur gá go gcuirfí chun cinn rochtain chomhionann ar chúnamh maidir le hathimeascadh agus athshlánú do bhuachaillí agus cailíní a raibh baint acu tráth le fórsaí armtha agus le grúpaí armtha agus gur gá a áirithiú go ndéanfar na buachaillí agus na cailíní sin agus a dteaghlach a thabhairt le chéile athuair; á chur i bhfáth nach mór daoine agus eagraíochtaí atá freagrach as a saoirse agus a gcearta bunúsacha a bhaint de leanaí a thabhairt chun cuntais;

56. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cáineadh a dhéanamh ar ghrúpaí armtha agus ar eagraíochtaí sceimhlitheoireachta a úsáideann leanaí chun a spriocanna a shaothrú;

57. á chur in iúl gur geal léi tacar tosaíochtaí comhpháirteacha nua AE-NA don tréimhse 2022-2027 agus an gealltanas comhpháirteach leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu a áireamh mar thosaíochtaí trasearnálacha; á chur i bhfáth gur gá conairí a chruthú le haghaidh athimeascadh leanaí agus le haghaidh cúiteamh do leanaí ar sáraíodh a gcearta agus nach mór clár oibre na Náisiún Aontaithe maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha a áireamh i ngníomhaíochtaí seachtracha uile an Aontais;

58. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí dlús a chur leis na hiarrachtaí sáruithe tromchúiseacha i gcoinne leanaí atá thíos le díothacht saoirse i gcoinbhleachtaí armtha a chosc agus deireadh a chur leo, lena n-áirítear cos ar bolg bhrúidiúil, díbirt éigeantach, scaradh óna dteaghlach agus uchtú, ós rud é gur coireanna in aghaidh an chine dhaonna iad sin agus gur baol tromchúiseach cinedhíothaithe iad; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an clár oibre maidir le leanaí agus coinbhleachtaí armtha a chur chun cinn i mbeartais gníomhaíochtaí seachtraí, frithsceimhlitheoireachta agus slándála an Aontais, ag díriú go háirithe ar chríocha agus ar thíortha ina bhfuil grúpaí armtha agus eagraíochtaí gníomhacha sceimhlitheoireachta, agus é a chomhtháthú in oibríochtaí an comhbheartais slándála agus cosanta, in athchóirithe ar an earnáil slándála agus in idirghabháil; á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit, in éineacht leis an gcomhphobal idirnáisiúnta, gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun filleadh leanaí a díbríodh go héigeantach, a scaradh óna dteaghlaigh nó a uchtaíodh dá gcaomhnóirí dlíthiúla nó dá dtír thionscnaimh a éascú;

59. á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit gach beart is gá a dhéanamh, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Choireacht an Chinedhíothaithe a Chosc agus a Phionósú, chun deireadh a chur leis na hainghníomhartha sin agus chun cuntasacht i leith na gcoireanna sin a áirithiú, lena n-áirítear trí shásraí cuntasachta idirnáisiúnta;

60. ag tabhairt dá haire gur ann do na fionnachtana sa tuarascáil is déanaí ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha, lena léirítear an chaoi a bhfuil coinneáil leanaí fós á húsáid mar armán polaitiúil ina lán tíortha; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear fórsaí armtha na Rúise ar liosta bliantúil na bpáirtithe i gcoinbhleachtaí a rinne sáruithe tromchúiseacha ar chearta leanaí;

61. á áitiú nach mór iad siúd atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear coireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna, a thabhairt chun cuntais; á chur in iúl gur geal léi córas domhanda smachtbhannaí an Aontais maidir le cearta an duine (Gníomh Magnitsky AE), agus á iarraidh go leathnófaí liosta smachtbhannaí an Aontais i ndáil leis sin, go háirithe chun go n-áireofar ann gach eintiteas agus gach duine a sainaithnítear iad a bheith freagrach as díbirt éigeantach agus uchtuithe éigeantacha leanaí;

62. á chur i bhfios go láidir gur íospartaigh, seachas déantóirí, iad leanaí a bhfuil baint acu le grúpaí arna n-ainmniú mar sceimhlitheoirí nó mar antoiscigh fhoréigneacha; á mheabhrú gurb iad na stáit atá freagrach as a náisiúnaigh ar leanaí iad atá á gcoinneáil thar lear; á iarraidh ar na Ballstáit eile de chuid an Aontais lena mbaineann a áirithiú go ndéanfar leanaí ar náisiúnaigh de na Ballstáit sin iad agus atá i bpríosún nó faoi choinneáil i dtríú tíortha a chosaint agus a aisdúichiú; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil roinnt fórsaí armtha agus grúpaí armtha ann a choinníonn leanaí mar phionós agus/nó a choinníonn leanaí ina ngialla, de réir Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe;

63. á iarraidh ar thíortha na hEorpa cláir athimeasctha a chur ar bun do leanaí ar náisiúnaigh de chuid an Aontais iad agus a rugadh i gcampaí trodaithe nó i gcampaí príosúin;

64. á chreidiúint gur cheart do stáit leanaí a eisiamh go sainráite ón reachtaíocht náisiúnta frithsceimhlitheoireachta agus slándála agus a áirithiú go ndéileálfar le leanaí a bhfuil amhras fúthu go ndearna siad coireanna i gcoinne na slándála náisiúnta go heisiach laistigh de na córais cheartais le haghaidh ógánach;

65. ag cáineadh na ngníomhartha uafásacha arna ndéanamh ag fórsaí faisnéise agus slándála, lena n-áirítear coinneáil leanaí, agus chomh maith leis sin céasadh, éigniú agus foréigean gnéasach eile i gcoinne agóideoirí leanaí atá faoi choimeád chun pionós a ghearradh orthu agus iad a náiriú agus chun iad a dhíspreagadh ó bheith rannpháirteach in agóidí ar fud na tíre;

°

° °

66. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an tuarascáil á hullmhú, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Cine & Comhionannas |
| Réseau International des Droits Humains |
| UNRWA |
| UNICEF |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 16.11.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 39<br>–: 2<br>0: 7 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Anna Bonfrisco, Reinhard Bütikofer, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Anna Fotyga, Giorgos Georgiou, Raphaël Glucksmann, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, Antonio López-Istúriz White, Jaak Madison, Thierry Mariani, Marisa Matias, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Alessandra Moretti, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Isabel Santos, Mounir Satouri, Jordi Solé, Dominik Tarczyński, Hilde Vautmans, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Dacian Cioloş, Georgios Kyrtsos, Gabriel Mato, Juozas Olekas, Pina Picierno, María Soraya Rodríguez Ramos, Mick Wallace, Elena Yoncheva |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karolin Braunsberger-Reinhold, Charles Goerens, Eero Heinäluoma, Maria-Manuel Leitão-Marques, Dan-Ştefan Motreanu, Paul Tang, Eugen Tomac, Lucia Vuolo, Juan Ignacio Zoido Álvarez |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 39 | + |
|---|---|
| EPP | Alexander Alexandrov Yordanov, Karolin Braunsberger-Reinhold, Andrius Kubilius, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Gabriel Mato, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Dan-Ştefan Motreanu, Eugen Tomac, Lucia Vuolo, Isabel Wiseler-Lima, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Petras Auštrevičius, Dacian Cioloş, Charles Goerens, Georgios Kyrtsos, Ilhan Kyuchyuk, María Soraya Rodríguez Ramos, Hilde Vautmans |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Eero Heinäluoma, Maria-Manuel Leitão-Marques, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Juozas Olekas, Pina Picierno, Tonino Picula, Isabel Santos, Paul Tang, Elena Yoncheva |
| An Chlé | Marisa Matias, Mick Wallace |
| Na Glasaigh/SCE | François Alfonsi, Reinhard Bütikofer, Mounir Satouri, Jordi Solé |

| 2 | - |
|---|---|
| CLE | Charlie Weimers |
| ID | Thierry Mariani |

| 7 | 0 |
|---|---|
| CLE | Anna Fotyga, Dominik Tarczyński |
| ID | Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi, Jaak Madison |
| NI | Kostas Papadakis |
| An Chlé | Giorgos Georgiou |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh